2025/667

1.4.2025

CINNEADH (AE) 2025/667 ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Márta 2025

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um eisiúint víosaí a éascú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2), pointe (a), i gcomhar le h Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú le Poblacht na Casacstáine um eisiúint víosaí chuig saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Casacstáine a thabhairt i gcrích,

(2) Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([1]); dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(3) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú le Poblacht na Casacstáine um eisiúint víosaí chuig saoránaigh an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Casacstáine.

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Víosaí, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don choiste speisialta dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na céimeanna arna nglacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoiste ar bhonn rialta.

3. Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

Airteagal 3

s chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Márta 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HENNIG-KLOSKA

([1]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).